# Loch Garman
# Wexford

**Straitéis Chultúir agus Chruthaitheachta 2018–2022**

Culture and Creativity Strategy 2018–2022



Hook Lighthouse,
taken by Terry Byrne

# Ábhar
Contents


1 Réamhrá an Chathaoirligh
*Cathaoirleach's Foreword*

2 Réamhrá an Phríomhfheidhmeannaigh
*Chief Executive's Foreword*

3 Cultúr agus Cruthaitheacht i Loch Garman
*Culture and Creativity in Wexford*

4 An Fhís a ghabhann le hÉire Ildánach i gContae Loch Garman
*The Creative Ireland Vision for Wexford*

5 Na Luachanna a ghabhann le hÉire Ildánach i gContae Loch Garman
*The Creative Ireland Values in Wexford*

6 Tosaíochtaí Straitéiseacha do Chiarraí
*Strategic Priorities for Wexford*

7 Cur i bhFeidhm sa bhliain 2018
*Implementation in 2018*


Wexford County Council

# 1 Réamhrá an Chathaoirligh
## Cathaoirleach's Foreword

TÁ CULTÚR I GCROÍ agus in anam Chontae Loch Garman. Is é a spreagann chun gnímh muid – is tríd a chuirtear in iúl meon na ndaoine san am a caitheadh, san am i láthair agus san am atá le teacht.

Tá féiniúlacht shainiúil chultúir ag baint le Contae Loch Garman. Is contae cruthaitheach é agus tá oidhreacht shaibhir chultúir ann. Tá iomrá ar Loch Garman as feabhas a chuid ceoil, litríochta, scéalaíochta agus drámaíochta agus, chomh maith leis sin, tá glúin nua dearthóirí, ealaíontóirí agus ceardaithe tar éis teacht chun cinn ann.

Tá bonn daingean ann cheana féin agus is ionann an straitéis Chultúir agus Chruthaitheachta seo do Loch Garman don tréimhse 2018 – 2022 agus cuid de chlár Éire Ildánach an rialtais, ar tionscnamh ardleibhéil uaillmhianach uile-rialtais é atá ceaptha chun an chruthaitheacht a phríomhshruthú i saol an náisiúin. Leagtar cúram ar Chomhairle Chontae Loch Garman maidir le clár Éire Ildánach a chur i bhfeidhm sa cheantar agus beidh sí ar thús cadhnaíochta go háirithe maidir le Colún 2: Bonn a chur faoin gCruthaitheacht i ngach Pobal a chur i bhfeidhm sa chontae.

Féachtar le creat uileghabhálach a chur ar fáil le straitéis Chultúir agus Chruthaitheachta Loch Garman 2018 – 2022 chun rannpháirtíocht agus fás i dtaca le cúrsaí cruthaitheachta a spreagadh i measc na saoránach go léir. Cothaíonn an straitéis comhtháiteacht idir na straitéisí éagsúla atá ag an údarás áitiúil cheana féin agus ina bhfuil gné shuntasach chultúir, lena n-áirítear réimsí na n-ealaíon, na leabharlannaíochta, na hoidhreachta agus na pleanála eacnamaíochta agus pobail. Cuirtear deis faoi leith ar fáil chomh maith chun obair chomhaltaí na Meithle Cultúir ar fud bhrainsí éagsúla de chuid an údaráis áitiúil a ailíniú d'fhonn gnás comharoibre a chothú agus d'fhonn cur i bhfeidhm críochnúil a chinntiú. Tríd an infheistíocht leanúnach i gclár Éire Ildánach, tá ráthaíocht a tabhairt i leith inmharthanacht na mbeart a chuimsítear sa straitéis agus tugtar spreagadh i leith an leas is fearr is féidir a bhaint as na hacmhainní atá ar fáil faoi láthair.

Sa straitéis seo, sainaithnítear réimsí sonracha a mbeidh béim á leagan orthu, ar réimsí iad a d'fhéadfadh tionchar fadtéarma a bheith acu, a bhféadfadh rannpháirtíocht phobail leanúint astu agus, chomh maith leis sin, a bhféadfadh modhanna comhoibrithe nua agus obair ildisciplíneach i réimse an chultúir agus na cruthaitheachta leanúint astu. Cúis áthais dom go háirithe an bhéim a leagann an straitéis seo ar chothú na cruthaitheachta i measc leanaí agus daoine óga. Tacaím freisin leis an aidhm thábhachtach maidir le méadú a dhéanamh ar an líon daoine a mbíonn deis acu páirt a ghlacadh i gcláir agus i mbearta cultúir.

Tugann an straitéis aitheantas do luach intreach an chultúir agus na cruthaitheachta agus dá dtionchar ar fholláine na sochaí. Tá sé mar aidhm ag an straitéis freisin go mbeidh ról tábhachtach ag cúrsaí cultúir i gcónaí i ndáil le forbairt ár mbailte móra, ár sráidbhailte agus ár limistéar poiblí.

Táim ag tnúth leis na torthaí dearfacha a bheidh ann, ó thaobh cúrsaí cultúir de, mar gheall ar an straitéis seo a fheiceáil i rith na mblianta seo romhainn.

**An Comhairleoir John Hegarty**
Cathaoirleach
Comhairle Chontae Loch Garman

CULTURE IS AT the very core of County Wexford. It's our driving force – expressing the inner voice of communities past, present and future.

County Wexford has a distinctive cultural identity. It is a creative county and has a rich cultural heritage. Wexford is renowned for excellence in music, literature, storytelling and drama as well as a producing new generation of designers, artists, craftspeople and creatives.

Building from a very strong base, this Culture and Creativity strategy 2018 – 2022 for Wexford forms part of the government's Creative Ireland programme a high-level, high-ambition, all of government initiative to mainstream creativity in the life of the nation. Wexford County Council has its part to play in the overall local delivery of the Creative Ireland programme and in particular will be to the fore in delivering Pillar 2: Enabling Creativity in Every Community in the county.

Wexford's Culture and Creativity strategy 2018 – 2022 aims to provide an overarching framework to encourage participation and growth in creativity by all citizens. The strategy brings coherence to the existing individual strategies of the local authority which have cultural significance including arts, libraries, heritage, economic and community planning. It also provides a unique opportunity to align the work of members of the Culture Team across many sections of the local authority with the aim of developing collaborative practice and ensuring effective delivery. The ongoing investment in the Creative Ireland programme guarantees the viability of the actions of the strategy and encourages the maximising of existing resources.

This strategy identifies specific areas of focus that have potential for long-term impact, community engagement and participation as well as new forms of collaboration and interdisciplinary work in the area of culture and creativity. I welcome, in particular, the focus on fostering creativity in children and young people in this strategy. I endorse too the important aim of broadening the reach of cultural programmes and activity.

The strategy acknowledges the intrinsic value of culture and creativity and its contribution to wellbeing of our society. It also aims to ensure that culture will continue to play an important role in the development of our towns, villages and public environments.

I look forward to seeing the positive cultural dividends that this strategy will provide for the County over the coming years.

**Cllr John Hegarty**
Cathaoirleach
Wexford County Council

# 2 Réamhrá an Príomhfheidhmeannaigh
## Chief Executive's Foreword

TÁ CUID MHÓR sócmhainní agus acmhainní cultúir ann i gContae Loch Garman agus tá léiriú le fáil orthu sin ar mhodh sofheicthe sna pobail bhríomhara ilchineálacha, sa saol beoga ealaíon agus san oidhreacht shaibhir nádúrtha agus san oidhreacht shaibhir chultúir atá ann sa chontae. Tá deis ann sa bhliain 2018 na cúinsí cuí le haghaidh forbairt chultúir de chineál uilechuimsitheach, cruthaitheacht agus inbhuanaithe a chruthú i gcomhréir leis an infheistíocht chaipitiúil shuntasach atá á déanamh chun feabhas a chur ar an infreastruchtúr cultúir.

Tugann Comhairle Chontae Loch Garman aitheantas i gcónaí do luach an chultúir maidir le caighdeán ard saoil agus folláine a chothú. Tugann sí aitheantas freisin go bhfeidhmíonn cúrsaí cultúir agus cruthaitheachta mar spreagthóir fáis eacnamaíochta agus inbhuanaitheachta sa chontae. Is minic athnuachan chultúir ina bunús le mórtas, muinín agus féiniúlacht a chothú i measc an phobail. Tá tábhacht mhór leis an turasóireacht chultúir ó thaobh daoine a mhealladh go Loch Garman.

Níos mó ná riamh, tá cóineasú ann i dtaca le cruthaitheacht theicneolaíoch, ealaíne agus chultúir de. Is léir an idirghníomhaíocht nua sin i réimsí na grafaice ríomhaireachta, an cheoil dhigitigh agus an chódúcháin. Fágann léirthuiscint níos leithne ar chultúr go ráthófar tábhacht an chultúir i ngach gné den saol.

Fáiltím roimh fhorbairt Straitéis Chultúir agus Chruthaitheachta 2018–2022. Tá tosaíochtaí straitéiseacha agus spriocanna de chineál forleathan uaillmhianach leagtha amach don Chontae agus soláthraíonn siad creat le haghaidh forbairt cúrsaí cultúir i rith na mblianta seo romhainn. Ba mhaith liom buíochas a chur in iúl don uile dhuine a raibh baint acu leis an straitéis seo a ullmhú agus leis an bpróiseas comhairliúcháin ina leith. Táthar ag tnúth le hoibriú i bpáirt lenár gcuid comhpháirtithe go léir agus le hÉire Ildánach maidir leis na cuspóirí a leagtar amach sa straitéis a thabhairt i gcrích.

**Tom Enright**
Príomhfheidhmeannach
Comhairle Chontae Loch Garman

COUNTY WEXFORD IS rich in cultural assets and resources which are reflected in a visible way in the counties dynamic and diverse communities, its vibrant contemporary arts scene and its rich natural and cultural heritage. There is an opportunity in 2018 to create the right conditions for inclusive, creative and sustainable cultural development in line with the significant capital investment being made to improve cultural infrastructure.

Wexford County Council continues to acknowledge the value of culture in fostering a high quality of life and wellbeing. It also acknowledges that culture and creativity act as a driver of economic growth and sustainability of our county. Cultural regeneration can be instrumental in helping communities to build pride, self-confidence and identity. Cultural tourism is a key element in our "offer" as a unique destination.

Increasingly we see a convergence between technological, artistic and cultural creativity. This new interplay is evident in computer graphics, digital music and coding. A broader interpretation of culture ensures that its importance in all aspects of life is guaranteed.

I welcome the development of the Culture and Creativity Strategy 2018–2022. The strategic priorities and goals for the County are extensive and ambitious and provide a framework for cultural development over the coming years.

I would like to thank all those who contributed to the preparation and the consultation process for this strategy. We look forward to working with our many partners and with Creative Ireland in delivering the objectives outlined in the strategy.

**Tom Enright**
Chief Executive
Wexford County Council



*The Tree of Life – Stainless Steel Sculpture by Denis O'Connor*

# 3 Cultúr agus Cruthaitheacht i Loch Garman
## Culture and Creativity in Wexford

> *'Nuair a bhíonn cúrsaí teann géar, smaoinímse ar Loch Garman. Cén bhaint atá ag Loch Garman le saol neamhthrócaireach an lucht ealaíne i Nua-Eabhrac? Fágann éirí aníos i Loch Garman go mbíonn lón staire, cultúir agus prionsabal agat, rud a chuma-saíonn duit an bealach ceart a aithint, fiú amháin mura roghnaíonn tú an bealach sin i gcónaí.'*

**Larry Kirwan**, amhránaí agus cumadóir amhrán, drámadóir agus úrscéalaí. Nua-Eabhrac, 2018

Roinnt blianta ó shin, thosaigh Roinn na nEalaíon i gComhairle Chontae Loch Garman ag gabháil do thionscadal uathúil: cnuasach a thiomsú agus a fhoilsiú de shaothair le scríbhneoirí, ó áiteanna i gcéin agus i gcóngar, a raibh Loch Garman roghnaithe mar áit chónaithe acu. I gcás daoine a bhfuil baint acu le cúrsaí ealaíne, mar bhreathnóirí nó mar rannpháirtithe, bíonn dlúthnasc acu le Loch Garman, mar is contae é seo ina bhfuil an ealaín de dhlúth agus d'inneach sa ghnáthshaol laethúil ann. 'Tugann cúrsaí ealaíne agus cultúir léargas maith ar an gcineál daoine atá ionainn,' arsa John Carley, Stiúrthóir Seirbhísí, Comhairle Chontae Loch Garman.

Ní éasca an rud é ealaín a chruthú. Sáraítear dúshláin an lae inniu ach bíonn dúshláin nua ann an lá dár gcionn. Is maratón é, seachas rás ráibe, an chruthaitheacht. Níl le déanamh ach ceist a chur ar na céadta daoine a oibríonn go deonach bliain i ndiaidh bliana le grúpaí drámaíochta agus le cumainn ceoldrámaíochta éadroime. Tarlaíonn forbairt go mall: ní in imeacht aon oíche amháin a rinneadh an fhéile is fearr ar domhan d'Fhéile Ceoldrámaíochta Loch Garman ach baineadh an gradam sin amach le dua agus deora ar feadh 66 bliana.

As cumasc an chumais agus na dúthrachta a eascraíonn sármhaitheas sa réimse ealaíne, agus is tréithe iad sin a measann David Agler, stiúrthóir ealaíne, ina leith go mbaineann siad go dlúth le Loch Garman. Is contae lucht aislinge agus lucht físe.

Áitíonn Colm Tóibín gurb é is cuspóir don ealaín an saol a athrú. 'D'fhéadfadh gur athrú mall caolchúiseach é an t-athrú a dhéanaimid, ach is athrú spioradálta é chomh maith, agus bíonn athrú spioradálta mall agus caolchúiseach i gcónaí, ós rud é gur athrú cumhachtach é.' Bhí aintín le Colm Tóibín (cléireach de chuid na Comhairle Contae) i láthair ag an gcéad chruinniú a reachtáil grúpa díograiseoirí ceoil i Loch Garman chun cinneadh a dhéanamh i dtaobh ar cheart do Loch Garman féile ceoldrámaíochta dá chuid féin a sheoladh: cuireann an oidhreacht a d'fhág siad ina ndiaidh, i bhfoirm Áras Náisiúnta Ceoldrámaíochta na hÉireann, i gcuimhne dúinn go mbíonn an ealaín catairseach – agus spreagúil agus mothúchánach – agus gur ó bhunsmaointeoireacht shamhlaíoch a eascraíonn sí.

Ionas go mbeidh tús, lár agus críoch ann sa phróiseas sin, ní mór catalaíoch a bheith ag an ealaíontóir agus is rud é sin a léirítear ar bhealaí éagsúla ach, go bunúsach, is rud a chothaíonn féinmhuinín agus is rud oiliúnach é: inspioráid, sparánacht, coimisiún, spreagadh ón údarás áitiúil.

De réir mar a mhíníonn Joe Neal, aisteoir agus file, a tháinig ón mBreatain Bheag go dtí Droichead an Chaisleáin 30 bliain ó shin: 'Nuair nach bhfuil an chompord a ghabhfadh le cúnamh a thugann mórtheach foilsitheoireachta d'údair mhóréilimh ag gnáthscríbhneoirí, tuigeann siad go bhfuil gá le spreagadh i leith a saothar. Agus tá sin ar fáil go fada fairsing

> *'In times of tension, I think of Wexford. What has Wexford to do with the cut-throat artistic world of New York City? A Wexford upbringing provides you with a store of history, culture and principles which enables you to discern the right path, even if you don't always take it.'*

**Larry Kirwan**, singer-songwriter, playwright, novelist. New York, 2018

Some years ago, the Arts Department at Wexford Co. Council became engaged in a unique project: the compilation and publication of an anthology by writers who, from near and far, had chosen to make Wexford their home. For those involved with the arts, either as observers or participants, the tie with Wexford is umbilical, because this is a county where art is marrow to the quotidian graft of life. 'Arts and culture tell a lot about who we are as a people,' says John Carley, Director of Services, Wexford County Council.

It is never easy, making art. Today's challenges will diminish only to be replaced by others tomorrow. Creativity is a marathon, not a sprint. Ask the hundreds who volunteer year after year with drama groups and light opera societies. Gestation has a slow rhythm: Wexford Festival Opera didn't become the best festival in the world overnight but achieved that accolade after 66 years of toil, tears and sweat.

Excellence in art is extracted from the combination of talent and determination, characteristics artistic director David Agler believes are synonymous with Wexford. This is a county of dreamers and visionaries.

Colm Toibín has noted that the purpose of art is to change the world. 'The change that we make may be slow and subtle, but it is also spiritual, and spiritual change is always slow and subtle, as it is powerful.'Toibín's aunt (a clerk in the Co. Council) attended the first meeting of music lovers to decide that Wexford should host its own opera festival: their legacy, enshrined in what is today Ireland's National Opera House, is a reminder that art is cathartic – invigorating and emotional – and the consequence of original imaginative thought.

And for that process to have a beginning, a middle and an end, the artist needs a catalyst, which comes in many shapes, but is essentially encouraging and nurturing: a muse, a bursary, a commission, an encouraging local authority.

Explains Joe Neal, actor and poet, who moved from Wales to Castlebridge 30 years ago: 'Lacking the luxury of the best-seller support of a major publishing house, the writer is aware that their work needs this encouragement. And it's there aplenty. Six books on I am sure in the knowledge that the libraries in Wexford and their staff will help with hosting launches. Perhaps too there will be the gift of an arts bursary to help subsidise a reading tour. You never can tell.'

aige. Tar éis dom sé leabhar a chur amach faoin tráth seo, is maith is eol dom go gcuideoidh leabharlanna i gContae Loch Garman, agus foireann na leabharlann sin, le hócáidí seolta a eagrú. B'fhéidir, chomh maith, go dtabharfaí sparánacht ealaíon do dhuine a chuideodh le costas turais léitheoireachta a íoc. Ní bhíonn a fhios agat riamh.'

Ní mór an ealaín a bheith seasmhach chomh maith. Ní mór di a bheith in ann lúbadh gan briseadh, in ann an fód a sheasamh nuair a bhíonn cúlú eacnamaíochta nó anró eile ann, ach gan géilleadh dá leithéid. Níor éalaigh Féile Loch Garman go hiomlán ón gcúlú eacnamaíochta is déanaí a tharla ach, sa bhliain 2018, beidh an clár is cuimsithí le tamall maith de bhlianta anuas á chur ar siúl in amharclann O'Reilly ina bhfuil 855 shuíochán agus in amharclann Jerome Hynes ina bhfuil 176 shuíochán, rud a ghnóthóidh luach €8.5 milliún don gheilleagar áitiúil.

Osclaíodh an tÁras Ceoldrámaíochta den scoth seo sa bhliain 2008, is é an t-aon áras ceoldrámaíochta saintógtha, ó thaobh cúrsaí fuaime de, é dá bhfuil ann in Éirinn, cuireann sé go mór le hinfreastruchtúr cultúir an chontae agus na tíre agus is iomaí gradam ailtireachta náisiúnta agus idirnáisiúnta atá gnóthaithe aige.

Agus bíonn an toradh tánaisteach a ghabhann le cineál ealaíne chomh hilghnéitheach leis an gceoldrámaíocht le feiceáil i gclár na féile imeallaí, i mbaile mór Loch Garman agus lasmuigh de: drámaí, taispeántais, léachtaí, cainteanna agus ceadail cheoil – an ceiliúradh ealaíne is faide sa tír. Faoin mbliain 2015, bhíothas tar éis os cionn 2,000 ócáid de gach cineál seánra a chur ar an stáitse san Áras Ceoldrámaíochta Náisiúnta os comhair beagnach 350,000 duine, rud a léiríonn an tionchar suntasach síormhéadaitheach a imríonn an t-ionad uathúil ar chúrsaí eacnamaíochta go háitiúil, go réigiúnach agus go náisiúnta.

Art too must be durable. It must be able to bend and not break, to yield before the storm clouds of recession and other troubled times, but not capitulate. The Wexford Festival was not immune to the most recent economic recession, but in 2018, the 855-seat O'Reilly Theatre and 176-seat Jerome Hynes Theatre will host its biggest programme in recent years, contributing €8.5 million to the local economy.

From its opening in 2008, the state-of-the-art venue is Ireland's only acoustically purpose-built Opera House and is a major addition to the county's and nation's cultural infrastructure, winning numerous national and international architectural awards as a result.

And the domino effect of such a multidimensional art form as opera can be seen in the fringe programme, in Wexford town and further afield: plays, exhibitions, lectures, talks and recitals – the longest celebration of art in the country. As of 2015, over 2,000 events of all genres have been staged in the National Opera House to almost 350,000 people, underlining the unique venue's significant and increasing major contribution to the local, regional and national economy.



**Bíonn cothú i gceist leis an gcultúr.**

Sular tháinig Artemis Fowl, cuireadh gearrdhrámaí tosaigh Eoin Colfer ar siúl in óstán Talbot; sular tháinig The Master agus Brooklyn, in iris scoile i Loch Garman a foilsíodh an chéad saothar riamh de chuid Colm Tóibín; sular tháinig The Wexford Trilogy sa Bush Theatre i Londain, chuir Billy Roche a lámh in airde le The Boker Poker Club in Ionad Ealaíon Loch Garman agus i bhfad sula ndearnadh Áras Náisiúnta Ceoldrámaíochta na hÉireann d'amharclann an Theatre Royal, bhí Féile Loch Garman ina ábhar plé agus cainte ag Ciorcal Staidéir Ceoldrámaíochta Loch Garman.

Nuair a chothaítear na síolta a chuirtear go trialach, is féidir le guth an ealaíontóra spléachadh a thabhairt dúinn ar shárthréithe an duine. 'Bíonn tionchar faoi leith ag cúrsaí ealaíne ar an bhfolláine, ar an oideachas, ar an turasóireacht chultúir agus ar an bhfiontraíocht chruthaitheach,' a deir Elizabeth White, Stiúrthóir Feidhmiúcháin Ionad Ealaíon Loch Garman. 'Is iomaí staidéar atá ann ina dtugtar tacaíocht don teoiric gur féidir le saol beo bríomhar ealaíne agus cultúir a bheith ina chionsiocair le fostaithe a mhealladh chuig pobal agus iad a choinneáil ann.' Téann na healaíona chun tairbhe do dhaoine óga, ní amháin sa seomra ranga ach sa saol mór freisin.

Cad é bun agus barr an mhoil cruthaitheachta seo a ghobann amach san fharraige i gcúinne in Oirdheisceart na hÉireann? Gan aon agó, is í an oidhreacht í. Níl aon chontae eile a ndearnadh ionradh air chomh minic agus a rinneadh ar Loch Garman, agus tá a shliocht sin – lorg na staire agus sliocht gach sleachta idir Ghaill agus Ghaeil – ar fud na háite inár dtimpeall, i logainmneacha agus i sloinnte na ndaoine. Banville / de Buinbhíol. Colfer / Coilféir. Roche / de Róiste. Furlong.

**With culture, comes nurture.**

Before Artemis Fowl, Eoin Colfer's first short plays were staged in the Talbot Hotel; before The Master and Brooklyn, Colm Toibín's vocation as a writer began with a poem in a Wexford school's journal; before The Wexford Trilogy at the Bush Theatre in London, Billy Roche's stuck his head above the parapet with The Boker Poker Club at Wexford Arts Centre and long before the Theatre Royal became the National Opera House of Ireland, the Wexford Festival was an idea bandied about by the Wexford Opera Study Circle.

When seeds sown tentatively are nurtured, the artistic voice can offer us a glimpse of the best of ourselves. 'The arts have a significant impact in well-being, education, cultural tourism and creative entrepreneurship,' adds Elizabeth White, Executive Director of Wexford Arts Centre. 'There are many studies to support the theory that a vibrant arts and culture scene can be a major driver for communities to attract and retain employees.' The arts benefit young people, not just in the classroom, but in life.

What is the essence behind this creative hub, jutting out into the sea, in a corner of the South East of Ireland? Indisputably, it is heritage. No county was invaded as often as Wexford, and the inheritance – or the hangover of history and the intermingling of the foreign and the native – is all around, in place names and surnames. Banville. Colfer. Roche. Furlong. It has been said that the county, the fulcrum of 'Ireland's Ancient East' has three separate regions: the Anglo-Norman south, the hybridised middle and the Gaelic north. The closing stanza of A Warning to Conquerors by the poet Donagh MacDonagh dwells on how a place like Wexford absorbed its conquerors.

Deirtear go bhfuil trí réigiún faoi leith ann sa chontae arb é croílár 'Oirthear Ársa na hÉireann' é: an deisceart Angla-Normánach, an lár measctha agus an tuaisceart Gaelach. Tá an cheathrú deiridh den dán A Warning to Conquerors, le Donagh MacDonagh, dírithe ar an gcaoi inar shlog áit amhail Loch Garman an lucht gabhála isteach ann féin.

*'This soft land quietly*
*Engulfed them like the*
*Saxon and the Dane*
*But kept the jutted brow*
*The slitted eye*
*Only the faces and the*
*Names remain.'*

Bhí an tuiscint riamh i Loch Garman (fuarthas an t-ainm Wexford ó Veisafjoror na Lochlannach) gurb ionann an timpeallacht a chosaint agus ár gcuid sócmhainní cultúir, éiceolaíochta agus eacnamaíochta a chothú. Sa bhliain 2011, chuir Comhairle Chontae Loch Garman agus Forbairt Áitiúil Loch Garman tús le sraith rianta turasóireachta, lena n-áirítear Slí Oidhreachta Loch Garman agus Slí Cheardaíochta Loch Garman, ar tionscnaimh iad sin a bhfuil baint ag 83 dhream éagsúla, idir ghnóthaí agus ghrúpa pobail, leo sa lá atá inniu ann agus tacaíocht á cur ar fail acu i leith 300 post lánaimseartha agus 500 post páirtaimseartha.

Is ionann oidhreacht an chontae seo agus cumasc na timpeallachta nádúrtha agus inneach an chultúir agus tá cumasc an dá ní sin riachtanach ó thaobh nóisean an leanúnachais de: gnás na haimsire a caitheadh ina chuid de ghnáthchúrsa shaol an lae inniu. Mar a mhíníonn an Dr Edward Culleton sa réamhrá atá aige le On Our Own Ground, a d'fhoilsigh Seirbhís Leabharlannaíochta Chomhairle Chontae Loch Garman: 'Nuair a áirítear aiteann agus fraoch na

*'This soft land quietly*
*Engulfed them like the*
*Saxon and the Dane*
*But kept the jutted brow*
*The slitted eye*
*Only the faces and the*
*Names remain.'*

There has always been in Wexford (derived from the Vikings' Veisafjoror) an awareness that to protect the environment is to embrace our cultural, ecological and economic assets. In 2011 Wexford Co. Council and Wexford Local Development initiated a series of tourism trails, including the Wexford Heritage Trail and Wexford Craft Trail, which today involves 83 businesses and community groups, supporting 300 full time jobs and 500 part time jobs.

The heritage of this county is a coming together of our natural environment and the weft of culture, both of which are essential to the idea of continuity: the living past in tangible form. As Dr. Edward Culleton explained in his introduction to On Our Own Ground, published by Wexford Co. Council Library Service: 'From the gorse and heather-clad slopes of the Blackstairs to the shining sands of Curracloe, and from the volcanic eminence of Tara Hill to Duncannon and the lagoonal lakes of the south coast, County Wexford has provided a rich environment for its inhabitants for over 5,000 years.'





Staighrí Dubha agus gaineamh geal Churrach Cló, agus mullach bolcánach Thorchoille agus Dún Canann, agus murlaigh an chósta theas, is breá an timpeallacht atá ag muintir Loch Garman sa cheantar le breis agus 5,000 bliain.'

Nuair a aontaíodh i gcinneadh rialtais sa bhliain 1997 le suas le 1% de bhuiséid comhlachtaí poiblí a raibh cláir chaipitiúla á gcur i gcrích acu a áireamh mar mhaoiniúchán le haghaidh ealaín phoiblí, bhí Comhairle Chontae Loch Garman – faoi cheannaireacht cheannródaíochta – ar thús cadhnaíochta. Nuair a bhítear ag taisteal tríd an gcontae sa lá atá inniu ann, faightear fianaise ar an tslí ina léiríonn an líon mór saothar dealbhóireachta a maoiníodh mar ealaín phoiblí imill stróicthe ár staire agus snátha cíortha ár n-oidhreachta: Waterstory le David Kinnane i mBun Clóidí; The Last Oak Tree le Denis O'Connor ar bhóthar an N30 taobh amuigh d'Inis Córthaidh; Evolution le Austin McQuinn ag Geata na dTrí Philéar i Ros Mhic Thriúin; Passage of Time le Dan George ar bhóthar an N25; Seedstones le Alan Counihan in eastát Sheandoire agus Chois Doire i nGuaire; Dandeloin le Lucy Hill agus Rory Breslin i Droim Guail in Inis Córthaidh, gan ach an beagán a lua.

Idir an dá linn, tá earnáil bhríomhar ealaíne agus cultúir luaite go sonrach i gClár Infheistíochta Eacnamaíochta agus Pobail Chomhairle Chontae Loch Garman 2018 – 2022 mar cheann de na tionscnaimh shainiúla ar leithligh a chuideoidh leis an gcontae leanúint dá acmhainneacht ollmhór a bhaint amach.

Mar gheall ar a thábhachtaí a bhíodh úinéireacht talún tráth, tá péintéireacht tírdhreacha ar cheann de bhuantréithe na healaíne in Éirinn agus tá líon mór saothar den chineál sin le fáil i mBailiúchán Ealaíne Chontae Loch Garman, ar bailiúchán é ina bhfuil 200 péintéireacht agus atá á bhainistiú ag an Roinn Ealaíon i gcomhairle le Cairde Bhailiúchán

When a government decision in 1997 approved the inclusion in the budgets of public bodies delivering capital programmes of up to 1% as funding for public art, Wexford Co Council – with visionary leadership – was to the fore. To travel the county today is to witness how so many public art funded sculptures continue to reflect the serrated edges of our history and the combed threads of our heritage: David Kinnane's Waterstory in Bunclody; Denis O'Connor's The Last Oak Tree on the N30 outside Enniscorthy; Evolution by Austin McQuinn at Three Bullets Gate in New Ross; Passage of Time by Dan George on the N25; Alan Counihan's Seedstones in Sean Doire and Cois Doire estate in Gorey; Dandeloin by Lucy Hill and Rory Breslin at Drumgoold in Enniscorthy, to list but a few.

Meanwhile, Wexford Co. Council's Economic & Community Investment Programme 2018 – 2022 has earmarked a vibrant arts and culture sector as one of several targeted initiatives to help the county to continue realise its huge potential.

Because of a once traditional attachment to land ownership, landscape painting is a prevailing feature of Irish art, and is prevalent in the Co. Wexford Art Collection, a body of work made up of 200 paintings, managed by the Arts Department in consultation with the Friends of Co. Wexford Art Collection. These donated and loaned pieces at Wexford Co. Council, and the superb eclectic collection dispersed throughout Kelly's Hotel in Rosslare, amounts to a permanent display of contemporary art in Wexford - open to the public – which is unsurpassed outside our major cities.

Ealaíne Chontae Loch Garman. Is ionann na saothair sin atá ar taispeáint i gComhairle Chontae Loch Garman, idir ítimí a tugadh mar bhronntanais agus a tugadh ar iasacht, mar aon leis an mbailiúchán breá eicléictiúil atá ar taispeáint ar fud óstán Kelly i Ros Láir, agus buantaispeántas den ealaín chomhaimseartha i gContae Loch Garman – ar oscailt don phobal – ar bailiúchán é nach bhfuil a shárú le fáil in aon áit taobh amuigh de chathracha móra na tíre.

Déantar scrúdú i dtaispeántais atá eagraithe ag an gComhairle Contae – And Creatures Dream… A New Language sa bhliain 2017 agus Terra Nostra sa bhliain 2018 – ar an gceangal idir an t-ealaíontóir agus an talamh agus ar an gcaoi a mbaintear úsáid as péint mar mheán. I mí Dheireadh Fómhair 2017, d'eagraigh Roinn na nEalaíon i gComhairle Chontae Loch Garman agus Ionad Ealaíon Loch Garman Bare Root, is é sin, taispeántas de chuid grúpa ealaíontóirí ina raibh cíoradh á dhéanamh ar thimpeallacht na tuaithe agus chlós na feirme, le agus bhí saothair de chuid ealaíontóirí éagsúla ann amhail Frank Abruzzese, Michael Canning, Els Dietvorst, Michael Fortune, Janet Mullarney, Rosie O'Gorman, Helen Robbins, Blaise Smith, Brigitta Varadi, Michael Wann agus Katie Watchorn.

Agus an tráth céanna a mbíonn ómós á thabhairt i gcónaí trí Bhailiúchán Ealaíne Chontae Loch Garman agus tríd an mbailiúchán in óstán Kelly do sheanmháistrí – Colin Davidson, Tony O'Malley, Louis Le Brocquy – leantar de shaothar ealaíontóirí na linne seo a fháil, mar shampla saothair ina dtaispeántar mórchumas fíorach Paddy Lennon agus cruinneas fóiréinseach Caroline Ward, mothúchánachas Mick Mulcahy, a bhfuarthas inspioráid ina leith ó thurais san Afraic agus sa Chóiré, agus macnas fulangach agus daingne Helen Gaynor, David Begley agus Hanneke Van Ryswyk.

Exhibitions hosted by the Co. Council – And Creatures Dream… A New Language in 2017 and Terra Nostra in 2018 – explore the connection of the artist to the land and their engagement with paint as a medium. In October 2017, the Arts Department of Wexford County Council and Wexford Arts Centre hosted Bare Root, a group exhibition exploring rural and farmyard environments, and featured artists like Frank Abruzzese, Michael Canning, Els Dietvorst, Michael Fortune, Janet Mullarney, Rosie O'Gorman, Helen Robbins, Blaise Smith, Brigitta Varadi, Michael Wann and Katie Watchorn.

And while both Co. Wexford Art Collection and Kelly's pay homage to past masters – Colin Davidson, Tony O'Malley, Louis Le Brocquy – they continue to acquire contemporary artists, from the figurative brilliance of Paddy Lennon to the forensic exactitude of Caroline Ward, from the expressionism of Mick Mulcahy, inspired by his travels in Africa and Korea, to the passive sensuality and solidity of Helen Gaynor, David Begley and Hanneke Van Ryswyk.

'My perception of somewhere that is very familiar to me is a catalyst for new ideas,' explains Serena Caulfield, whose studio is a stone's throw from the Wexford coastline which influences her work. Caulfield typifies a new generation of artist nurtured from within the county: she attended Gorey School of Art, where she completed a BA in Fine Art, before going on to achieve a BA(hons) from Wexford Campus School of Art and Design, I.T Carlow. In 2008 she received the Travel / Training Award from Wexford County Council, and proceeded to attain a Master's Degree in Fine Art from Norwich University College of the Arts, UK.





'Nuair a bhraithim go bhfuil eolas maith agam ar áit, is ansin a bhíonn spreagadh agam teacht ar smaointe nua,' arsa Serena Caulfield a bhfuil an stiúideo aici i bhfoisceacht urchar méaróige de chósta Loch Garman a imríonn tionchar ar a saothar. Tá Caulfield ar dhuine de ghlúin nua ealaíontóirí a cothaíodh taobh istigh den chontae: d'fhreastail sí ar Scoil Ealaíne Ghuaire mar ar ghnóthaigh sí céim BA sa Mhínealaín sular lean sí ar aghaidh chun céim BA (Onóracha) a fháil ar Champas Loch Garman na Scoile Ealaíne agus Dearthóireachta, in Institiúid Teicneolaíochta Cheatharlach. Sa bhliain 2008, bhronn Comhairle Chontae Loch Garman an Gradam Taistil / Oiliúna uirthi agus lean sí ar aghaidh ansin chun Céim Mháistreachta sa Mhínealaín a fháil ón gColáiste Ealaíon in Ollscoil Norwich sa Ríocht Aontaithe.

Ní saol bog réidh ar chor ar bith é saol an ealaíontóra, ach tá méadú ag teacht ar líon na spásanna taispeántais ar fud an chontae: Teach Newtownbarry i mBun Clóidí; Greenacres, dánlann an Pigyard Gallery, Ionad Ealaíon Loch Garman, Comhairle Chontae Loch Garman, dánlann an Blue Egg Gallery i nGuaire agus dánlann Denis Collins i Loch Garman; dánlann an Gaslamp Gallery i nGuaire, Ionad na Toirbhirte in Inis Córthaidh agus Amharclann Naomh Micheál i Ros Mhic Thriúin. Tá na deich mbliana tosaigh curtha de ag Art in the Open, ar is ócáid é ar lena linn a thagann 200 ealaíontóir as áiteanna ar fud an domhain go Loch Garman i rith an tsamhraidh chun ardscéimh agus áille chodarsnach an chontae mhuirí seo a léiriú.

Agus is cinnte go mbíonn dúshláin le sárú. 'Ní bhíonn aird chomh mór sin ar earnáil na ceardaíochta i Loch Garman,' arsa Mary Gallagher, as dánlann an Blue Egg Gallery. 'Tá ceardaithe áirithe ann a bhfuil cáil measartha mór orthu ach ní chuirtear an earnáil seo i láthair ina hiomláine ar bhealach comhtháite

An artist's life is by no means an easy one, but exhibition spaces are increasing throughout the county: Newtownbarry House in Bunclody; Greenacres, the Pigyard Gallery, Wexford Arts Centre, Wexford Co. Council, the Blue Egg Gallery and the Denis Collins Gallery in Wexford; the Gaslamp Gallery in Gorey, the Presentation Centre in Enniscorthy and St. Michael's Theatre in New Ross. Art in the Open is now entering its second decade, when 200 artists from across the world descend upon Wexford in summer to portray the scenic and juxtaposing beauty of this maritime county.

And yes, challenges abound. 'The crafts sector in Wexford has a rather low profile,' adds Mary Gallagher, the Blue Egg Gallery. 'There are individual makers who are quite prominent, but the sector as a whole has no coherent presence apart from the Wexford Craft trail network. The first step is to raise the design quality of the work produced by providing mentoring and practical assistance. There is also a task to be undertaken to develop the public's appreciation of the applied arts their skills involved in producing it, which is where workshops and exhibitions could help.'

The Emerging Visual Artist Award is a partnership initiative involving the Arts Council, Wexford Arts Centre and Wexford Co. Council: it is aimed at recognising the development of emerging artists and kick-starting their career. The recipient of the €5,000 award in 2016 was Katie Watchorn, whose solo exhibition, A Calf Remembered, subsequently opened at Wexford Arts Centre in 2018.

taobh amuigh de líonra Shlí Cheardaíochta Loch Garman. Is é an chéad rud atá le déanamh feabhas a chur ar chaighdeán dearthóireachta an tsaothair a tháirgtear trí mheantóireacht agus cúnamh praiticiúil a chur ar fáil. Tá obair le déanamh freisin chun forbairt a dhéanamh ar thuiscint an phobail i leith na scileanna ealaíonta a úsáidtear chun na saothair a tháirgeadh agus, i dtaca leis sin de, ba chabhair é dá mbeadh ceardlanna agus taispeántais ann.'

Tionscnamh comhpháirtíochta idir an Chomhairle Ealaíon, Ionad Ealaíon Loch Garman agus Comhairle Chontae Loch Garman atá i gceist le an nGradam d'Ealaíontóirí nua Dearcealaíne agus tá sé dírithe ar aitheantas a thabhairt d'fhorbairt ealaíontóirí atá ag teacht chun cinn agus ar chabhrú leo tús a chur lena ngairmréim. Bronnadh gradam €5,000 na bliana 2016 ar Katie Watchorn agus cuireadh a taispeántas aonair, A Calf Remembered, ar bun in Ionad Ealaíon Loch Garman ina dhiaidh sin sa bhliain 2018.

'Tá saol na dearcealaíne bríomhar ann i gContae Loch Garman, saol a chothaítear mar thoradh ar dhá fhoras oideachais tríú leibhéal a bheith ann agus mar thoradh ar chúnamh ón údarás áitiúil,' arsa Catherine Bowe, Bainisteoir Dearcealaíne in Ionad Ealaíon Loch Garman. 'I mo thuairimse, is den riachtanas é go leanfaí go seasta síoraí ag féachaint le deiseanna náisiúnta agus idirnáisiúnta a chur ar fáil do na healaíontóirí atá ag saothrú i gceantair tuaithe, ionas go mbeidh creataí ann le haghaidh tacaíocht fhadtéarmach airgeadais agus le haghaidh piara-thacaíochta.'

Sin an dúshlán a bheith ann amach anseo maidir le hinbhuanaitheacht na hearnála ealaíne i gContae Loch Garman: 'creataí le haghaidh tacaíocht fhadtéarmach airgeadais agus le haghaidh piara-thacaíocht.' I rith na bliana 2017, d'eagraigh Liz Burns, Oifigeach Ealaíon

'County Wexford has a vibrant visual arts scene fostered by two third level institutes and the support of the local authority,' comments Catherine Bowe, Visual Arts Manager at Wexford Arts Centre. 'I would view it as a necessity to continually seek to connect visual artists working in rural areas to national and international opportunities, in order to provide long term financial and peer support frameworks.'

Therein lies the challenge in the future for artistic sustainability in Co. Wexford: 'provide long term financial and peer support frameworks.' In 2017, Wexford Arts Officer Liz Burns held a series of meetings with musicians, writers, film makers, artists, actors, curators, programmers, to help articulate their needs in the Wexford County Arts Plan 2018–2022.

The future is bright. If Wexford grasps the opportunities outlined in the progressive Economic & Community Investment Programme 2018–2022, and public agencies and arts stakeholders commit to fulfilling the ambitious Arts Plan, the concerns of practitioners in the field, such as novelist Cat Hogan, will be met. 'Everyone should have access to the arts and cultural provisions regardless of education levels and socio-economic background.'





Loch Garman, sraith cruinnithe le ceoltóirí, le scríbhneoirí, le déantóirí scannán, le haisteoirí, le coimeádaithe agus le heagraithe clár d'fhonn cuidiú a thabhairt maidir lena gcuid riachtanas a leagan amach i bPlean Ealaíon Chontae Loch Garman 2018–2022.

Tá gealladh faoin todhchaí. Má thapaíonn Loch Garman na deiseanna a leagtar amach sa Chlár forásach Infheistíochta Eacnamaíochta & Pobail 2018–2022, agus má thugann na gníomhaireachtaí poiblí agus na geallsealbhóirí i réimse na n-ealaíon gealltanas maidir leis an bplean uaillmhianach ealaíon a thabhairt i gcrích, tabharfar aghaidh ar ábhar imní na gcleachtóirí amhail an t-úrscéalaí Cat Hogan. 'Ba cheart go mbeadh ealaín agus cultúr ar fáil ag an uile dhuine gan bheann ar an leibhéal oideachais ná ar an gcúlra socheacnamaíochta.'

Tá an dúshraith á leagan i gcuid mhór réimsí: maoiniúchán faoi Éire Ildánach chun rannpháirtíocht i gcúrsaí cruthaitheachta a spreagadh i measc pobal áitiúil; Film Wexford agus tionscal dúchasach scannánaíochta; Ealaín Bheo – An Ealaín i Scoileanna; Deontais d'Fhéilte Beaga Ealaíon; Straitéis Ealaíon d'fhonn cuidiú le daoine óga maidir le cúrsaí oideachais, damhsa, amharclannaíochta agus scannánaíochta; Sparánachtaí ArtLinks agus an chomhpháirtíocht idir Comhairle Chontae Loch Garman agus Music Generation agus Comhpháirtíocht Oideachais Ceoil Loch Garman.

Is é Music Generation an Clár Náisiúnta don Oideachas Ceoil in Éirinn agus cuireann sé athrú ar an saol ag ceoltóirí óga agus ar a gcuid aidhmeanna trí dheis a thabhairt chun rochtain a fháil ar oideachas ardleibhéil i gcur i láthair an cheoil, ar oideachas é a sholáthraíonn teagascóirí oilte i réimse an cheoil gutha agus i réimse an cheoil uirlise. 'Trí cheoltóirí agus lucht éisteachta na linne seo romhainn a theagasc,

In so many areas, the foundations are being laid: Creative Ireland funding to encourage participation in creativity in local communities; Film Wexford and an indigenous film industry; Living Arts – Art in Schools; Grants for Small Arts Festivals; Arts Strategy to help young people in education, dance, theatre and film; ArtLinks Bursaries and the partnership between Wexford Co. Council and Music Generation and Wexford Music Education Partnership.

Music Generation is Ireland's National Music Education Programme, and it transforms the lives and aspirations of younger musicians in the making by opening a path to high quality performance music education, so that vocal and instrumental tuition is delivered by skilled tutors. 'Teaching musicians and audiences of the future ensures the continuity and development of this wonderful and varied artform into the future,' explains musician, teacher and composer Donagh Wylde. Music is the engine room of the performing arts in Wexford, and the excellence is spread evenly across genres, from Wexford Sinfonia to Enniscorthy Choral Society.



*Wexford Opera Festival
Opening Night Fireworks*





cinntítear leanúnachas agus forbairt na healaíne seo lena mbaineann an oiread sin iontais agus éagsúlachta,' de réir mar a mhíníonn Donagh Wylde, ceoltóir, múinteoir agus cumadóir. Tá an ceol lárnach do na taibhealaíona i Loch Garman agus tá sárcheol ar fáil ar fud na seánraí go léir, lena n-áirítear an Wexford Sinfonia agus Cumann Córchantaireachta Inis Córthaidh.

'Ní raibh borradh chomh mór seo faoi phopcheol comhaimseartha i Loch Garman ón am ar tháinig Cry Before Dawn chun cinn,' a deir Jackie Hayden, léirmheastóir. Bíonn ceadail bheo ardchaighdeáin cheoil aireagail ar siúl ag Music for Wexford, bíonn Féile Pianó Ros Mhic Thriúin den cheol aonair agus den cheol aireagail ar siúl ar feadh trí lá, agus cuireann Kevin Lawlor, Stiúrthóir Snagcheoil i Scoil Cheoil Chontae Loch Garman, taibhiúcháin iontacha snagcheoil chun cinn. 'Ionas go mbíonn saol maith ceoil ann i Loch Garman,' a deir Lawlor, 'is tábhachtach an rud é an ceol a chur ar aghaidh trí chúrsaí oideachais, go háirithe i ndáil le seánraí mionlaigh amhail an snagcheol agus ceol tobchumtha.'

Aithníonn Plean Ealaíon Chontae Loch Garman 2018–2022 go bhfuil an ealaín ar an gcuid is tábhachtaí d'oidhreacht Chontae Loch Garman, ós rud é gurb í an ealaín a thugann na huirlisí dúinn ní amháin chun fís a nochtadh ach, freisin, chun an fhís sin a chomhroinnt.

**Tom Mooney
Feabhra 2018**

'Not since the emergence of Cry Before Dawn has the contemporary popular music scene been so vibrant in Wexford,' believes critic Jackie Hayden. Music for Wexford continues to promote high calibre live chamber music performances, the New Ross Piano Festival is built around three days of solo and small chamber performances, while Kevin Lawlor, Director of Jazz at Co. Wexford School of Music, promotes scintillating jazz performances. 'To have a music scene in Wexford,' adds Lawlor, 'it is important to pass the torch on through education in specifically minority genres such as jazz and improvised music.'

The Wexford County Arts Plan 2018–2022 recognises that art is Co. Wexford's most precious heritage, for it gives us the tools, as a people, to not alone reveal a vision, but share it.

**Tom Mooney
February 2018**

# 4 Fís Éire Ildánach do Loch Garman
## The Creative Ireland Vision for Wexford

IS É ATÁ I BHFÍS Éire Ildánach ná go mbeadh an deis ag gach duine ar a bhfuil cónaí in Éirinn a gcumas cruthaitheachta a bhaint amach go hiomlán. Déantar an fhís sin a shaothrú trí Chúig Cholún Chlár Éire Ildánach:

**Colún 1**
Scód a ligean le Cumas na Cruthaitheachta i ngach Leanbh

**Colún 2**
Bonn a chur faoin gCruthaitheacht i ngach Pobal

**Colún 3**
Infheistíocht san Infreastruchtúr na Cruthaitheachta agus an Chultúir

**Colún 4**
Tionscail Chruthaitheachta: Éire mar Lárionad Barr Feabhais maidir le Léiriúchán na Meán Cumarsáide

**Colún 5**
Clú na hÉireann ar fud an Domhain a thabhairt le chéile

Tá rannpháirtíocht agus rochtain lárnach don fhís. Meastar freisin go bhfuil sé riachtanach, maidir leis an bhfís a bhaint amach, ealaíontóirí agus cruthaitheoirí eile a chur i gceangal le pobail.

Cé go mbeidh an bhéim is mó ag an údarás áitiúil ar Cholún 2: Bonn a chur faoin gCruthaitheacht i ngach Pobal, beidh cúig Cholún an chláir san áireamh sna tosaíochtaí straitéiseacha i ngach ceantar faoi leith.

I gContae Loch Garman, is é atá san fhís atá againn ná go mbeidh contae ann ina dtugann an chruthaitheacht agus an saibhreas cultúir atá ann tacaíocht do phobail bheo, ilchineálacha, sheasmhacha ina bhfuil ardchaighdeán saoil. Is mian linn a chinntiú go ndéantar forbairt ar chlú Chontae Loch Garman mar chontae cultúrtha agus go bhfuil aitheantas náisiúnta agus

THE VISION OF Creative Ireland is that every person living in Ireland will have the opportunity to fully realise his or her creative potential. The vision is pursued through the Five-Pillars of the Creative Ireland Programme:

**Pillar 1**
Enabling the Creative Potential of Every Child

**Pillar 2**
Enabling Creativity in Every Community

**Pillar 3**
Investing in our Creative and Cultural Infrastructure

**Pillar 4**
The Creative Industries: Ireland as a Centre of Excellence in Media Production

**Pillar 5**
Unifying our Global Reputation

Participation and access are central to the vision. Connecting artists and other creators to communities is also regarded as essential to realising the vision.

While local authorities' primary focus will be on Pillar 2 Enabling Creativity in Every Community, strategic priorities locally will incorporate all five Pillars of the programme.

In Wexford our vision is for a county whose creativity and cultural richness support vibrant, diverse and resilient communities experiencing a high quality of life. We want to ensure that County Wexford's reputation as a cultural county is built upon and that it is known nationally and internationally as a centre of design and creativity, which leads to culture led regeneration and creative sectors that are strong, collaborative and able to deliver the Vision.



idirnáisiúnta aige mar lárionad dearthóireachta agus cruthaitheachta, rud as a leanfaidh athnuachan arb é an cultúr is bonn léi agus earnálacha cruthaitheacha láidre comhoibríocha atá in ann an Fhís a thabhairt i gcrích.

Tá sé mar aidhm againn a chinntiú go rannchuidíonn an cultúr, an oidhreacht agus an chruthaitheacht lenár sochaí, lenár ngeilleagar agus lenár dtimpeallacht agus gur féidir leis an oiread daoine agus is féidir leas a bhaint as comhionannas deiseanna i leith rochtain a fháil ar éispéiris chultúir trí chur chuige comhoibríoch comhordaithe a bheith ann maidir le pleanáil chun cinn agus soláthar seirbhísí poiblí.

Our aim is to ensure that culture, heritage and creativity contribute to our society, economy and environment, and that as many people as possible can take advantage of an equality of opportunity to access cultural experiences through a collaborative and coordinated approach to forward planning and public service delivery.



*Vinegar Hill Historical Re-enactment*

# 5 Luachanna Éire Ildánach i Loch Garman
# The Creative Ireland Values in Wexford

TÁ CLÁR ÉIRE Ildánach bunaithe ar théamaí na féiniúlachta, an chultúir agus na saoránachta. Is iad seo a leanas príomhphrionsabail oibriúcháin agus príomhluachanna Éire Ildánach: *Comhar, Cumarsáid, Pobal, Rannpháirtíocht, Uilechuimsitheacht* agus *Cumhachtú*. Is iad na prionsabail sin is bonn leis an Straitéis seo agus tá léiriú le fáil orthu sna tosaíochtaí straitéiseacha agus sna gníomhaíochtaí.

## Comhar

Ní féidir na tosaíochtaí straitéiseacha ná na gníomhaíochtaí atá leagtha amach sa Straitéis a thabhairt i gcrích ach amháin trí chomhoibriú le comhpháirtithe éagsúla i gcomhthéacsanna éagsúla. Trí chlár Éire Ildánach, beifear ag obair chun comhpháirtíochtaí atá ar bun cheana féin a neartú, lena n-áirítear comhpháirtíochtaí le forais oideachais, le grúpaí pobail agus le grúpaí deonacha agus leis an Líonra Comhpháirtíochta Poiblí agus le grúpaí sláinte agus folláine.

Cuirfidh tionscadail chomhoibríocha nua feabhas ar an nasc idir an lucht gnó agus pobal na cruthaitheachta agus tacóidh siad le hobair idirdhisciplíneach idir ealaíontóirí in earnála éagsúla.

## Cumarsáid

Ós rud é gur tionscnamh measartha nua é clár Éire Ildánach, tá luach tábhachtach bunúsach amháin dírithe ar chúrsaí cumarsáide. Trí chóras éifeachtúil cumarsáide a fhorbairt, cuirfear daoine ar an eolas faoin gclár agus méadófar an fheasacht air. Ní mór forbairt a dhéanamh ar infheictheacht chlár Éire Ildánach agus ar an tuiscint ina leith. Measann an Mheitheal Cultúir gur príomhthosaíocht é an méid sin agus go bhfuil sé thar a bheith tábhachtach i dtaca le gach ceann d'aidhmeanna straitéiseacha na Straitéise a thabhairt i gcrích. Tá brandáil, margaíocht agus próifíl ar líne thar a bheith tábhachtach maidir leis an gclár a thabhairt i gcrích.

THE CREATIVE IRELAND programme is built around the themes of identity, culture and citizenship. The core operating principles and values of Creative Ireland are: *Collaboration, Communication, Community, Participation, Inclusivity* and *Empowerment*. These principles form the basis of this Strategy and are reflected in the strategic priorities and actions.

## Collaboration

The strategic priorities and actions outlined in the strategy can only be achieved by collaboration with a variety of partners in a range of contexts. The Creative Ireland programme will work to strengthen existing partnerships including those with educational institutions, local community and voluntary groups, the Public Participation Network and health and wellbeing groups.

New collaborations will boost the link between business and the creative community and will support interdisciplinary work between artists in different sectors.

## Communication

As Creative Ireland is a relatively new initiative one key underpinning value centres on communication. The development of an effective model of communication will inform and increase awareness about the programme. Visibility and understanding of Creative Ireland needs to be developed. The Culture Team views this as a key priority and is crucial to the delivery of each of the strategic aims of the Strategy. Branding, marketing and online profile are all crucial to the delivery of the programme.



## Pobal

Beidh clár Éire Ildánach fréamhaithe sa phobal. Glactar le sainmhíniú ginearálta ar phobal agus clúdaíonn sé grúpaí pobail agus grúpaí óige, pobail ealaíontóirí agus daoine cruthaitheacha, agus grúpaí sainspéise. Áiríonn an téarma 'pobal' na dreamanna sin nach furasta caidreamh a chothú leo agus na pobail sin nach mbeadh spéis á chur acu i gcúrsaí cultúir go rialta. Beidh clár na bPobal Cruthaitheacht dírithe go háirithe ar phobail nach bhfuil gníomhach ó thaobh cúrsaí cultúir de. Tríd an gclár, féachfar le feasacht a chothú faoi luach an chultúir agus, chomh maith leis sin, féachfar le haird a tharraingt ar na tacaíochtaí a d'fhéadfadh a bheith de dhíth chun a chumasú do gach pobal páirt a ghlacadh sna gníomhaíochtaí.

## Rannpháirtíocht

Déanfar rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí cultúir an chláir a spreagadh go forleathan. Leagfar béim ar na tairbhí a ghabhann le rannpháirtíocht, idir thairbhí pearsanta agus htairbhí don tsochaí. Déanfar an rannpháirtíocht a mheas ar mhodh cáilíochtúil agus glacfar cur chuige nuálach i leith athbhreithniú a dhéanamh ar an gclár d'fhonn tionchar na rannpháirtíochta i gcláir chultúir a thomhas.

## Uilechuimsitheacht

Cuirfear deiseanna ar fáil do gach saoránach le haghaidh rannpháirtíochta i raon eispéireas cultúir. Déanfar éagsúlacht chultúir a cheiliúradh agus a chothú. Bainfimid leas as an uile mheán atá ar fáil chun an teachtaireacht seo a chur in iúl ar bhealach chomh forleathan agus is féidir d'fhonn gach limistéar geografach a chur san áireamh, is é sin, ceantair uirbeacha, ceantair thuaithe, ceantair feadh an chósta agus ceantair iargúlta.

## Community

The Creative Ireland programme will be rooted in community. Community is defined in the broadest sense from local groups to youth groups, from communities of artists and creatives to special interest groups. Community includes harder-to-reach groups and those communities who would not regularly be culturally engaged. The Creative Communities programme will target specific communities who may not be culturally active. The programme will endeavour to build awareness of the value of culture as well as recognising the supports that may be required to enable all communities to participate.

## Participation

Cultural participation in the programme will be widely encouraged. The personal and societal benefits of participation will be highlighted. Participation will be assessed in a qualitative manner and innovative approaches will be taken to programme review to measure impact of participation in cultural programmes.

## Inclusivity


Opportunities for participation in a wide range of cultural experiences will be provided for all citizens. Cultural diversity will be celebrated and nurtured. We will use all means available to us to communicate to message as widely as possible to cover all geographic areas urban, rural, coastal and remote.

### Cumhachtú

Tá sé mar aidhm ag clár Éire Ildánach a chumasú do phobail agus do dhaoine aonair cláir agus éispéiris chultúir dá gcuid féin a fhorbairt agus an méid sin a dhéanamh trí nuálaíocht agus cleachtais nua a spreagadh. Cumhachtaítear pobail áitiúla mar thoradh ar oibriú le comhpháirtithe san earnáil dheonach chun acmhainní a chur ar fáil agus chun acmhainneacht a chothú. Chun fostaíocht inbhuanaithe a fhorbairt, agus le go mbeidh tionchar fadtéarma ann, tá sé thar a bheith tábhachtach go ndéanfar tacaíocht a sholáthar agus comhoibriú agus forbairt ghairmiúil a éascú d'ealaíontóirí agus do dhaoine cruthaitheacha.

### Empowerment

The Creative Ireland Programme aims to enable communities and individuals to develop their own cultural programmes and experiences by encouraging innovation and new practices. Working with partners in the voluntary sector to resource and build capacity empowers local communities. The provision of support and facilitating collaboration and professional development for artists and creatives is crucial for the development of sustainable employment and long term impact.



*Bare Root Exhibition, Wexford County Council, The Street Exhibition Space.*



# 6 Na Tosaíochtaí Straitéiseacha do Loch Garman
## The Strategic Priorities for Wexord

### 1. Rannpháirtíocht i nGníomhaíochtaí Cultúir:

Rannpháirtíocht a spreagadh i measc daoine nach bhfuil ag baint leas as deiseanna cruthaitheachta faoi láthair agus, chomh maith leis sin, a chinntiú go leantar de bheith ag fónamh don lucht féachana/éisteachta atá ann cheana féin le haghaidh gníomhaíochtaí cultúir agus leathnú a dhéanamh ar an líon daoine sin.

**Gníomhaíochtaí atá beartaithe**

- ***Clár maidir le hImeachtaí Cathartha a Spreagadh*** – clár uilechuimsitheach spreagúil a fhorbairt do gach Ceantar Bardasach trí oibriú le comhpháirtithe cruthaitheachta áitiúla agus le ***Visit Wexford*** chun an rannpháirtíocht a chothú agus a leathnú.
- ***Scéim na bPobal Cruthaitheach*** – cláir spriocdhírithe ealaíon agus cruthaith-eachta atá dírithe ar ghrúpaí tosaíochta a chruthú.
- Tús áite a thabhairt do chláir bhliantúla lena n-úsaidtear **Deontais Ealaíon & Taitneamhachta Pobail**.
- ***Cartlanna / Ionaid faoi Thacaíocht / Na hEalaíona / Leabharlanna:*** Cur le líon na ndaoine, agus leathnú a dhéanamh ar éagsúlacht na ndaoine, a bhaineann leas as bailiúcháin, as ionaid, as foirgnimh oidhreachta, as páirceanna agus as spásanna oscailte.
- ***Moil Chruthaitheachta Loch Garman*** – an líonra brainsí leabharlainne a chur chun cinn mar mhoil áitiúla chultúir a chuireann bonn faoin gcomhtháthú sóisialta.
- ***Cruinniú na nÓg*** – lá ceiliúrtha bliantúil maidir le gnéithe uile na cruthaitheachta le linn na hóige.

### 1. Cultural Engagement:

Encouraging engagement for those who are not currently accessing creative opportunities as well as ensuring that we continue to serve and stretch our existing cultural audience.

**Proposed actions**

- ***Inspire Civic Events Programme*** – develop an inclusive and inspiring programme for each Municipal District area working with local creative partners and ***Visit Wexford*** to sustain and extend engagement.
- ***Creative Communities Scheme*** – create targeted arts and creativity programmes aimed at priority groups.
- Prioritise engagement in annual ***Arts & Community Amenity Grants*** programmes.
- ***Archives / Supported Venues / Arts / Libraries:*** Increase the number and broaden the diversity of people using collections, venues, heritage buildings, parks and open spaces.
- ***Creative Wexford Hubs*** – promote branch library network as local cultural hubs which underpin social cohesion.
- ***Cruinniú na nÓg / Creative Children's Day*** – annual day to celebrate all aspects of creativity in childhood.

- ***Clár Churaidh & Ambasadóirí na Cruthaitheachta*** – d'fhonn muintir na háite agus cuairteoirí a chur i gceangal le deiseanna cultúir.
- ***An tSeachtain Oidhreachta*** – rannpháirtíocht in imeachtaí agus i ngníomhaíochtaí a eagraíonn Comhairle Chontae Loch Garman, ionaid chultúir eile agus grúpaí deonacha agus pobail a chur chun cinn.

- ***Creative Champions & Ambassadors Programme*** – to connect local people and visitors to cultural opportunities.
- ***Heritage Week*** – promote participation in events and activities organised by Wexford County Council and other cultural venues and by voluntary and community groups.




*Creative Communities Social Inclusion Project with artist Mick Fortune*





## 2. An Geilleagar agus Cúrsaí Cultúir

Tá tionscail na cruthaitheachta agus an chultúir i measc na n-earnálacha is láidre i réigiún an Oirdheiscirt agus tá sé de chumas acu poist ardleibhéil breisluacha a chruthú. Go neamhdhíreach, tá na gníomhaíochtaí cultúir atá ar fáil ina cuid thábhachtach den turasóireacht agus is cúis ag daoine le teacht ar cuairt chuig an gceantar agus fanacht ann. Ina theannta sin, téann sí i bhfeidhm go mór ar chaighdeán an tsaoil rud atá chomh tábhachtach sin ó thaobh gnóthaí atá ann cheana féin a choinneáil anseo agus fostóirí agus infheisteoirí nua a mhealladh. Tá ról tábhachtach ag imeachtaí agus ag cláir fheiceálacha chultúir i mbailte móra agus i sráidbhailte an chontae ó thaobh caiteachas tánaisteach a spreagadh agus ó thaobh an tuiscint a chothú go bhfuil beocht ar feadh na bliana i gceist.

**Gníomhaíochtaí atá beartaithe**

- **Ciste Cultúir an 21ú Céad i Loch Garman** – scéimeanna nua maoiniúcháin a chur ar bun d'fhonn dreasacht a thabhairt maidir leis na nithe seo a leanas:
  ***Gradaim maidir le Comhchruthú, Léiriú & Soghluaisteacht*** – d'fhonn tacú le hobair idirdhisciplíneach a spreagfaidh comhoibriú idir beirt ealaíontóirí nó níos mó as Loch Garman, nó atá lonnaithe i Loch Garman, ar ealaíontóirí iad a shaothraíonn in earnálacha éagsúla.
  ***Ciste an Dúshláin i leith Nuálaíocht Chruthaitheach*** – chun borradh a chur faoin nuálaíocht agus faoin iomaíochas in earnálacha tábhachtacha fáis e.g. agraibhia agus turasóireacht, trí obair chruthaitheach i micreaghnóthaí agus i bhfiontair bheaga agus meánmhéide

## 2. The Economy and Culture

The creative and cultural industries are some of the strongest sectors in the South East region with a growth trajectory and potential to create high end value added jobs. Indirectly, the cultural offer is an integral part of the success of our tourism; a reason for people to come and to stay. It is also a key contributor to the quality of life impacts that are so important both in retaining existing business and attracting new employers and investors. Events and visible cultural programmes across the county have a key role to play in our towns and villages, stimulating secondary spend and keeping a sense of year round vibrancy.

**Proposed actions**

- **Wexford 21st Century Culture Fund** – establish new funding schemes to incentivise:
  ***Co-Creation, Production & Mobility Awards*** – to support interdisciplinary work which will bring together collaborations by two or more Wexford or Wexford based artists from different sectors.
  ***Creative Innovation Challenge Fund*** – to boost innovation and competitiveness in key growth sectors e.g. agri-food and tourism through creative work in micro and SME businesses
  ***Makers & Designers Residency Fund*** – to provide additional opportunities for craft makers and designers to work with communities in education, health and the environment settings.
- ***Creative Workspace Programme*** – prioritise support for the creative industries sector, encouraging workspace provision, including both studios and mixed use schemes. Craft & Design Hubs.

***Ciste Cónaitheachta doDhéantóirí & do Dhearthóirí Cónaithe*** d'fhonn deiseanna breise a chur ar fáil do cheardaithe agus do dhearthóirí chun bheith ag obair le pobail i suíomhanna oideachais, sláinte agus timpeallachta.
- ***Clár na Spásanna Oibre Cruthaitheacha*** – tús áite a thabhairt do thacaíocht d'earnáil na dtionscal cruthaitheachta, agus soláthar spásanna oibre á spreagadh, lena n-áirítear stiúideonna agus scéimeanna maidir le húsáid mheasctha. Moil Cheardaíochta & Dearthóireachta.
- ***Tacaíocht i leith Gnó Níos Fearr*** – Seirbhísí taighde gnó *Work Matters*, agus iad saindeartha don earnáil chruthaitheachta. Clinicí Meantóireachta agus forbairt ghairmiúil d'ealaíontóirí agus do dhaoine cruthaitheacha.
- ***Scannánaíocht Loch Garman*** – Cláir agus scéimeanna de chuid an údaráis áitiúil d'fhonn dreasacht a thabhairt maidir le forás in earnáil na scannánaíochta agus na meán closamhairc.

### 3. Ár nÁit, Ár bhFéiniúlacht

Rannchuidíonn ár bhféiniúlacht chomhchoiteann chultúir le mórtas áite agus tá sí tábhachtach maidir le comhtháthú sóisialta agus maidir le mothú an mhuintearais. Leanfaidh an cultúr de ról rathúil a bheith aige i bhforbairt leanúnach an chontae, a chuid bailte móra, a chuid sráidbhailte agus a chuid spásanna poiblí.

**Gníomhaíochtaí atá beartaithe**
- Feabhas a chur ar spásanna poiblí trí spásanna nua a dhearadh de réir ardchaighdeán agus nuálaíocht a chur chun cinn trí **Ealaín san Fhearann Poiblí** arna eagrú ag an tSeirbhís Ealaíon.

- ***Better Business Support*** – Work Matters business research services tailored for creative sector. Mentoring Clinics and professional development for artists and creatives.
- ***Film Wexford*** – Local Authority programmes and schemes to incentivise growth in the film and audio visual sector.

### 3. Our Place, Our Identity

Our collective cultural identity contributes towards a pride of place and is key to social cohesion and a sense of belonging. Culture will continue to play a successful role in the ongoing development of the county its towns, villages and public environments.

**Proposed actions**
- Improve public spaces through high standards of design of new spaces and promote innovation though the Arts Service **Art in the Public Realm**.
- Continue to promote a strong **Sense of Place** through commissions under the *% for Public Art Scheme*.
- Introduce **Cultural Animation Programme** to highlight the role of design and **architecture** in the development of Wexford's unique historic and contemporary environments.
- Promote the **traditional arts:** traditional music, dance, and customs particular to County Wexford.





- Leanúint de **Mhórtas Áite** láidir a chothú le coimisiúin faoin *Scéim maidir le % don Ealaín Phoiblí*.
- **Clár Beochana Cultúir** a thabhairt isteach chun aird a tharraingt ar ról na dearthóireachta agus na h**ailtireachta** i bhforbairt thimpeallachtaí uathúla Loch Garman, idir stairiúil agus chomhaimseartha.
- Na **healaíona traidisiúnta** a chur chun cinn: ceol traidisiúnta, damhsa agus nósanna a bhaineann go háirithe le Contae Loch Garman.
- Forbairt agus úsáid na Gaeilge a chur chun cinn i bpobail áitiúla trí chláir nuálacha spreagúla do dhaoine i ngach aoisghrúpa.
- Leathnú a dhéanamh ar na deiseanna i leith tionscadal chun **éagsúlacht chultúir** a chur chun cinn agus chun aird a tharraingt ar chultúr na bpobal nua i gContae Loch Garman.
- Feasacht ar **oidhreacht** uathúil Chontae Loch Garman a chruthú trí chláir léirmhíniúcháin a spreagann rannpháirtíocht, machnamh agus smaointeoireacht chruthaitheach.
- An rochtain is mó agus is féidir a bheith ag taighdeoirí, idir thaighdeoirí áitiúla agus thaighdeoirí idirnáisiúnta, ar ár gcuid acmhainní oidhreachta trí chlár **digitiúcháin** a chur i bhfeidhm i ndáil lenár gcuid taifead agus bailiúchán uathúil.
- Faoi **Scéim na bPobal Cruthaitheach**, tacú le tionscnaimh chultúr-bhunaithe trína ndéantar forbairt an bhféiniúlacht chomharsanachta agus phobail.

- Promote the development and use of the **Irish language** in local communities through innovative and engaging programmes for people of all ages.
- Expand project opportunities to promote **cultural diversity** and showcase the cultures of new communities in County Wexford.
- Create awareness of the unique **heritage** of County Wexford through interpretative programmes that encourage participation, reflection and creative thinking.
- Maximise access to our heritage resources from researchers both local and international through a programme of **digitisation** of our unique records and collections.
- Under the **Creative Communities Scheme**, support culture based initiatives that develop neighbourhood and community identity.

### 4. Cultúr agus Foghlaim

Is féidir le cláir chultúir deiseanna suntasacha a chur ar fáil chun scileanna saoil a fhorbairt, chun leanaí agus daoine óga a chur i gceangal lena chéile agus leis an bpobal i gcoitinne, chun méadú a dhéanamh ar an bhféinmhuinín agus ar an bhféinléiriú dearfach, chun leathnú a dhéanamh ar dhearcadh daoine agus chun an mhian i leith na féinfhorbartha a mhúscailt. Bíonn an tionchar sin suntasach go háirithe i gcás leanaí agus daoine óga ar minic iad a bheith imeallaithe ó ghnáthsheirbhísí agus i gcás leanaí agus daoine óga nach bhfuil páirteach sa chóras oideachais, nach bhfuil fostaíocht acu nó nach bhfuil i mbun oiliúna.

**Gníomhaíochtaí atá beartaithe**

- **Straitéis dhigiteach** Loch Garman Ildánach a fhorbairt, agus cláir ealaíon agus oideachais ann mar thacaíocht di d'fhonn scileanna teicneolaíochta de chuid an 21ú céad a fhorbairt – gníomhaíochtaí a chur san áireamh chun comhoibriú a spreagadh idir ealaíona cruthaitheacha agus códúchán agus ardán digiteach a thabhairt isteach chun tionscadail chruthaitheacha ealaíon agus teicneolaíochta a chur ar taispeáint le linn na féile bliantúla eolaíochta 'WexSci'.
- Oibriú le comhpháirtithe foghlama ar fud an chontae chun tacú le **deiseanna foghlama cruthaitheachta**, chun iad a spreagadh, trí Phleananna Ealaíon agus Leabharlannaíochta Loch Garman agus trí Phlean Óige Ildánach 2018 – 2022, faoi Éire Ildánach, a chur i bhfeidhm.
- Féachaint le leathnú a dhéanamh ar an gclár Ealaín Bheo, ar clár an-rathúil é – clár na n-ealaíona i gcúrsaí oideachais, agus bearta maidir leis na healaíona don óige a chur i bhfeidhm.

### 4. Culture and Learning

Cultural programmes can offer significant opportunities in developing life skills, in connecting children and young people to each other and to the wider community, in boosting self-esteem and positive self-expression, in widening horizons and boosting a desire for self-development. This impact is particularly significant for those children and young people that are often marginalised from mainstream services and those not in education, employment or training.

**Proposed actions**

- Develop a Creative Wexford **digital strategy** supported by arts and education programmes to develop 21st century skills in technology – incorporate actions to encourage collaborations between creative arts and coding and introduce a digital platform to showcase creative /arts and technology projects during the annual science festival, WexSci
- Work with learning partners across the county to support and encourage **creative learning opportunities** through implementation of Wexford Arts & Library Plans and Creative Ireland Creative Youth Plan 2018 – 2022.
- Promote the **traditional arts:** traditional music, dance, and customs particular to County Wexford.



- Tacaíocht a dhíriú ar dhaoine nach mór dóibh déileáil le **bacainní ar fhoghlaim** / nach bhfuil teacht acu ar na gnáthbhealaí chun foghlaim a dhéanamh.
- **Feasacht a mhéadú** maidir le ról cumhachtaithe na foghlama neamhfhoirmeálta i dtaca le bonn daingean a chur faoin bhforbairt phearsanta agus faoin bhforbairt phobail, trí léitheoireacht, trí ghníomhaíocht chruthaitheach agus trí eispéiris chultúir.
- Feabhas a chur ar an rochtain ar fhaisnéis, ar eolas agus ar fhoghlaim trí **sheirbhísí ar líne sna leabharlanna**, ionas go mbeidh fáil níos éasca ar theicneolaíocht phoiblí faisnéise agus chumarsáide (TEC) agus gur mó an ráchairt a bheidh air.

- Seek to expand the very successful **Living Arts** – arts in education programme and implement youth arts actions.
- Target support to people who face particular **barriers to learning** / those alienated from traditional learning routes.
- **Raise awareness** of the empowering role of informal learning in underpinning personal and community development, through reading, creative activity and cultural experiences.
- Improve access to information, knowledge and learning through **online services in libraries**, making public information and communications technology (ICT) more available and more popular.

### 5. Cultúr, Cruthaitheacht agus Folláine

Trí rannpháirtíocht i ngníomhaíochtaí cultúir, agus trí thaitneamh a bhaint astu, méadaítear folláine phearsanta, fhisiciúil agus mheabhrach agus, chomh maith leis sin, cabhraíonn siad le pobail fholláine a chothú.

**Gníomhaíochtaí atá beartaithe**

- Forbairt a dhéanamh ar ról teiripeach na n-ealaíon agus an chultúir go háirithe maidir le comhrac a dhéanamh i gcoinne saincheisteanna a bhaineann le meabhairshláinte.
  ***Feachtas Feasachta maidir leis na hEalaíona & Meabhairshhláinte Dhearfach*** i gcomhar le Comhairle na nÓg, HSE agus Soláthraithe Seirbhísí Óige.
  Leas a bhaint as nithe a foghlaimíodh ón ***Scéim Phíolótach Ealaíon i gcomhar leis an HSE*** a bhí dírithe ar leanaí a bhfuil deacrachtaí meabhairshláinte acu
  Féachaint le leathnú a dhéanamh ar na cláir maidir le ***Cumas Ealaíon*** agus maidir le ***hAoisbhá***
- Gníomhaíochtaí Cruthaitheacha a chomhtháthú isteach i gclár ***Éire Shláintiúil*** sa Chontae.
- **Oideas Glas** a chur chun cinn trína spreagtar do dhaoine a bheith gníomhach agus sult a bhaint as gníomhaíochtaí amuigh faoin aer.
- Tacú le **hOíche an Chultúir**, agus í a chur chun cinn, mar mhalairt gníomhaíochta oíche a chaitheamh, agus ócáidí amuigh faoin aer, taispeántais agus taibhiúcháin a bheith ann i dtimpeallacht shábháilte, oscailte, aoisbháúil.

### 5. Culture, Creativity and Wellbeing

Participation in, and enjoyment of, cultural activities increases personal, physical and mental wellbeing and helps build healthy communities.

**Proposed actions**

- Develop the therapeutic role of arts and culture especially in combating mental health issues.
  ***Arts & Positive Mental Health Awareness Campaign*** with Chomhairle na nÓg, HSE and Youth Service Providers.
  Build on learning from the ***Arts Pilot with HSE*** focused on children experiencing mental health difficulties
  Seek to expand ***Arts Ability*** and ***Age Friendly Programmes***
- Integrate Creative activities into the ***Healthy Ireland*** programme in the County.
- Promote the **Green Prescription** encouraging people to get active and enjoy the outdoors.
- Support and promote **Culture Night** as an alternative night-time offer with outdoor events, exhibitions and performances that offer a safe open and age friendly public environment.



# 7 Cur i bhfeidhm sa bhliain 2018
## Implementation in 2018

SEO AN LEANAS na príomhthosaíochtaí i rith na bliana 2018 i ndáil le Straitéis Chultúir agus Chruthaitheachta 2018–2022 a thabhairt i gcrích.

1. An chéad Chruinniú na nÓg uilechontae – Lá Cruthaitheachta do Leanaí ar an 23 Meitheamh 2018.
2. Leathnú a dhéanamh ar an gclár ealaíne agus cruthaitheachta, 'Scéim na bPobal Cruthaitheach', do ghrúpaí tosaíochta.
3. Scrúdú a dhéanamh ar an gclár maidir le hImeachtaí Cathartha a spreagadh i gceantair áitiúla.
4. Tástáil phíolótach a dhéanamh ar an gCiste Cónaitheachta do Dhéantóirí agus do Dhearthóirí.
5. Tacaíochtaí gnó agus forbairt ghairmiúil a fhorbairt d'eal;aíontóirí agus do dhaoine cruthaitheacha.
6. Clár Gaeilge a chur chun cinn mar chuid de Bhliain na Gaeilge.
7. Clár rannpháirtíochta oidhreachta a chur i bhfeidhm chun tacú le Bliain Eorpach na hOidhreachta Cultúir 2018, agus téama 'Ceangal a Chothú' idir na daoine agus an oidhreacht a bheith ann.
8. Clár imeachtaí cuimhneacháin a reáchtáil in 2018 i.e. Cothrom Céad Bliain Bhás John Redmond; cothrom céad bliain rith an Representation of the People Act sa bhliain 1918 agus dheireadh an Chéad Chogaidh Dhomhanda.
9. Tionscadail comhoibrithe agus ceardlanna ina dtugtar an chruthaitheacht agus an teicneolaíocht le chéile a chumasú agus na torthaí oibre a chur ar taispeáint le linn Fhéile Eolaíochta WexSci.

THE FOLLOWING KEY tasks are priorities in 2018 to support delivery of the Culture and Creativity Strategy 2018–2022.

1. Delivery of the first countywide Cruinniú na nÓg – Day of Creativity for Children on 23rd June 2018.
2. Expand Creative Communities Scheme art and creativity programme for priority groups.
3. Explore the Inspire Civic Events Programme in local areas.
4. Pilot Maker's and Designer's Residency Fund.
5. Develop business supports and professional development for artists and creatives.
6. Promote Irish language programme as part of Bliain na Gaeilge.
7. Deliver participative heritage programme in support of European Year of Cultural Heritage 2018 on the theme of 'Make a Connection' between people and heritage.
8. Deliver a programme of commemorative events in 2018 i.e. Centenary of the Death of John Redmond; centenary of Representation of the People Act in 1918 and the end of World War 1.
9. Enable collaboration and workshops that incorporate creativity and technology to be showcased at the WexSci Science Festival.

10. 1Leathnú a dhéanamh ar an gclár 'An Ealaín Bheo' i gContae Loch Garman.
11. Forbairt a dhéanamh ar mhargaíocht agus ar chumarsáid maidir le clár Éire Ildánach i gContae Loch Garman.

**Buíochas**

Ba mhaith linn buíochas ó chroí a ghlacadh leis na grúpaí agus leis na daoine aonair a bhí páirteach sa phróiseas comhairliúcháina don straitéis seo.

Ár mbuíochas do Mary McAuliffe, an Sainchomhairleoir Ealaíon agus Cultúir, agus do Tom Mooney, údar, as an obair a rinne siad ar an straitéis seo.

10. Expand the Living Arts programme in County Wexford.
11. Develop marketing and communications for the Creative Ireland programme in County Wexford.

**Acknowledgments**

Sincere thanks to the groups and individuals who participated in the consultation process for this strategy.

Thank you to Mary McAuliffe, Arts and Cultural Consultant and Tom Mooney, author for their contributions to this strategy.

creative.ireland.ie

Clár Éire Ildánach
*Creative Ireland Programme*
2017–2022